



Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Chéad Dlísheomra) an 30 Bealtaine 2024 (iarraidh ar réamhrialú ó Finanzgericht Köln – an Ghearmáin) – AB v Finanzamt Köln-Süd

(Cás C-627/22, ⁽¹⁾ Finanzamt Köln-Süd (Cánachas arna iarraidh sin do dhuine inchánach páirteach))

(Tarchur chun réamhrialú – Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le saorghluaiseacht daoine – Oibrí de chuid Ballstáit a d'aistrigh a áit chónaithe chuig an Eilvéis – Buntáistí cánach – Cáin ioncaim – Sársa “cánachas arna iarraidh” – Ranniócóirí tairbhiúla – Teorannú do dhaoine fostaithe a bhfuil cónaí teoranta orthu i mBallstát nó i Stát is páirtí sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) – Cóir chomhionann)

(C/2024/4291)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Finanzgericht Köln

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: AB

Cosantóir: Finanzamt Köln-Süd

An chuid oibríochtúil

Maidir le hAirteagail 7 agus 15 den Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine, arna shíniú i Lucsamburg an 21 Meitheamh 1999, arna oiriúnu go deireanach le Prótacal an 4 Márta 2016 maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cróite, mar Pháirtí Conarthach, tar éis a haontachais leis an Aontas Eorpach, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 9(2) d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú sin,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leo ar reachtaíocht Ballstáit a fhorchoimeádann do cháiniócóirí ar náisiúnaigh iad den Bhallstát sin, de Bhallstát eile nó de Stát is páirtí i gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch an 2 Bealtaine 1992, a bhfuil cónaí orthu i gcríoch ceann de na Stáit sin, an ceart nós imeachta cánach a roghnú maidir le hiarratas a dhéanamh ar ioncam ó ghníomhaíocht fostaíochta chun costais amhail costais ghnó agus fritháireamh na cánach pá arna tobhach i gcomhthéacs an nós imeachta maidir le cáin shiarchoinneálach a chur san áireamh, rud a bhféadfadh aisíoc cánach ioncaim a bheith mar thoradh air agus ní thugtar leis ceart rogha den sórt sin, go háirithe do náisiúnach den chéad Bhallstát a bhfuil cónaí air san Eilvéis agus a fhaigheann ioncam ó ghníomhaíocht fostaíochta sa Bhallstát sin.

⁽¹⁾ IO C 15, 16.1.2023.